




2019

TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL

UACHTARÁN

Ms Geraldine Tallon
Iar-Ardúnai
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

LEAS-UACHTARÁIN

Martin Fraser

Robert Watt

BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

Martin O'Halloran *Cathaoir / Scortha Deireadh Fómh. 2019*
Fergal Lynch *Cathaoir / Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*
Marian O'Sullivan *Ard-stiúrthóir*
Elizabeth Adams *Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*
George Burke *Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*
Pamela Byrne *Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*
Teresa Cody *Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*
Raymond Dolan
Lucy Fallon-Byrne

Pat Gallagher
Carolyn Gormley
Attracta Halpin *Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*
Paul Lemass *Éirithe as Bealtaine 2019*
Stephen Mulvany
Pat Naughton
Siobhan O'Halloran *Scortha Deireadh Fómh. 2019*
Barry Quinlan *Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*

FOCHOISTÍ AN BHOIRD

COISTE AIRGEADAIS AGUS STRAITÉISE

Martin O'Halloran *Cathaoir / Scortha Deireadh Fómh. 2019*
Fergal Lynch *Cathaoir / Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*
Pamela Byrne *Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*

Carolyn Gormley
Stephen Mulvany
Marian O'Sullivan

COISTE RIARACHÁIN

Martin O'Halloran *Cathaoir / Scortha Deireadh Fómh. 2019*
Pat Gallagher *Cathaoir / Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*
Elizabeth Adams *Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*

Teresa Cody *Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*
Raymond Dolan
Lucy Fallon-Byrne *Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*

COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Raymond Dolan *Cathaoir*
George Burke *Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*
Attracta Halpin *Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*
Paul Lemass *Éirithe as Bealt. 2019*

Fergal Lynch *Scortha Deireadh Fómh. 2019*
Pat Naughton
Siobhan O'Halloran *Scortha Deireadh Fómh. 2019*
Barry Quinlan *Ceaptha Deireadh Fómh. 2019*

COISTÍ AN FHORAIS RIARACHÁIN

COISTE OIDEACHAIS

Moling Ryan *Cathaoir*
Dermot Clynes
Tony Donohoe
Kevin Foley
Ard- Cheannf Patrick Gallagher *Ceaptha 2019*
Brian Hackett *Ceaptha 2019*
Aidan Horan
Lt Col Rory McCorley
Ian McKenna *Scortha Feabhra 2019*

Michael Mulreany
Seamus Neely *Scortha Feabhra 2019*
Margaret Nugent
Denis O'Brien
Eric Ó Cuinn *Ceaptha 2019*
Doncha F. O'Sullivan
Marian O'Sullivan
Mary Pyne *Ceaptha 2019; Scortha 2019*
John Ryan *Ceaptha 2019*

COISTE FOILSITHEOIREACHT LEABHAR

Maurice Manning *Cathaoir*
Richard Boyle
Dónal de Buitléir
Tom Fennell

Philip Hamell
Paul Haran
Blathna Ruane



AN FORAS RIARACHÁIN

57- 61 Bóthar Lansdún,
Baile Átha Cliath D04 TC62
Guth. + 353 1 240 3600
Facs + 353 1 668 9135
information@ipa.ie
www.ipa.ie



05

TUAIRISC ÓN
ARD-STIÚRTHÓIR &
Ó CHATHAOIRLEACH
AN BHOIRD

08

OIDEACHAS

10

TAIGHDE

13

OILIÚINT &
FORBAIRT

16

SEIRBHÍSI
IDIRNÁISIÚNTA

18

LEABHARLANN
& SEIRBHÍSI
EOLAIS

20

FOILSITHEOIREACHT

22

BUAITEOIRÍ
GRADAM &
DUAISEANNA

26

FOR-ROCHTAIN

28

FEIDHMÍOCHT
AIRGEADAIS

30

BAINISTÍOCHT
SHINSEARACH
AN FHORAIS




OI

TUAIRISC ÓN ARD-STIÚRTHÓIR & Ó CHATHAOIRLEACH AN BHOIRD



Is é an Foras Riaracháin an t-aon ghníomhaireacht forbartha don tseirbhís phoiblí in Éirinn atá dírithe ar fhorbairt na hearnála poiblí amháin. Bunaíodh i mí na Samhna 1957 é. Tá an Foras Riarachán bródúil as a mhisean agus a fheidhm ar leith i soláthar meascán speisialta d'oideachas, oiliúint, taighde, foilsitheoireacht, comhairleoireacht agus seirbhísí eile d'earnáil phoiblí níos leithne in Éirinn agus thar lear araon. Lena chois sin cuirimid seirbhísí ar fáil don earnáil phobail agus dheonach san áit a n-idirghníomhaíonn siad leis an rialtas, agus do chliaint ón earnáil phríobháideach ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar an stát, ar a ról i sochaí na hÉireann agus ar an riarachán poiblí. Trínár gcuid fóram, seimineár agus foilseachán cuirimid plé chun cinn leis, ar fhorbairt agus treo na seirbhísí poiblí amach anseo. Mar thoradh ar an gcur chuige tras-earnála cinntítear go bhfuil meon uathúil atá dírithe ar an rialtas ina iomláine ag an bhForas i leith gach rud atá dtugaimid faoi.



An Dr Fergal Lynch
Cathaoirleach



An Dr Marian O'Sullivan
Ard-Stiúrthóir

Tugann an tuarascáil bhliantúil deis machnaimh ar a bhfuil bainte amach ag an bhForas le dhá mhí dhéag anuas. Tugann sé deis leis, aitheantas a thabhairt do na hardleibhéil proifisiúntachta, saineolais, tiomantais agus don obair chrua atá déanta ag foireann den chéad scoth agus ag Bord an Fhorais Riaracháin. Tá sé den tábhacht go ndéanaimid ceiliúradh ar bhliain an-rathúil agus go dtugaimid aitheantas di.

In 2019 chuir an Foras clár fhochéime agus clár iarchéime ar fáil idir leibhéal 6 agus leibhéal 10

ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Gheobhaidh mic-léinn a chláraigh ar chlár oideachais cáilíochtaí a bheidh creidiúnaithe ag ONÉ. Reáchtáladh an searmanas bronnta do chlár chreidiúnaithe ar an 17 Nollaig 2019. Bronnadh dioplómaí agus céimeanna ar 960 gcéimí. Bronnadh teastais ar 515 mhac-léinn eile.

Sa bhliain 2019 tairgeadh seacht gcinn de speisialtóireachtaí ar an gclár Baitsiléara Ealaíon (Onór.) agus ceithre cinn ar an gClár Baitsiléara Gnó (Onór.). Lena chois sin thairg an Foras réimse leathan clár teastais agus dioplóma idir chlár staidéar dlí agus chlár staidéar ríomhaireachta agus idir chlár Bhainistíocht Údarais Áitiúil agus chlár Sholáthair Phoiblí. Tairgtear cuid de na dioplómaí proifisiúnta i gcomhar le comhlachtaí rialtais. Ar an iomlán, bhí breis is 1,350 mac-léinn cláraithe inár gcuid clár céime in 2019.

Bliain choiteann is ea an chéad bhliain de chlár Mháistreachta Ealaíon an Fhorais, agus bronnar Dioplóma larchéime i mBainistíocht Phoiblí ina taobh. Sa dara bliain, gabhann na mic-léinn ar aghaidh chuig sainréimse agus tá rogha seacht gceann ar fáil dóibh. 195 mac-léinn san iomlán a bhí cláraithe ar chlár Mháistreachta Ealaíon.

Cuireadh tús leis an gclár Dochtúireachta i Rialachas sa bhliain 2003. In 2019 bhí triúr déag cláraithe agus leis seo bhí tríocha mac-léinn san iomlán cláraithe sa chlár seo go dtí seo. D'fhaomh ONÉ moladh an Fhorais freagracht aonair a ghlacadh as riarachán agus seachadadh an chlár seo.

In 2019 lean an Foras air ag soláthar clár do mhic-léinn idirnáisiúnta. Bhí breis is seachtó mac léinn ó choláistí sna S.A. rannpháirteach i gclár intéirneachta parlaiminte agus rinne breis is seasca mac-léinn ó Ollscoil Nanchang staidéar ar an gclár Dioplóma i Staidéar Gnó.

Tá foireann bheag, lánaimseartha, thiomnaithe ag an bhForas Riaracháin atá ag tabhairt faoi thaighde feidhmeach do ranna rialtais agus

comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí. In 2019 leanadh ar aghaidh leis an tsraith taighde 'Bail na Seirbhíse Poiblí' agus leis an tsraith taighde 'Rialtas Áitiúil' atá idir lámha ag an bhForas.

Faoi tsraith 'Bail na Seirbhíse Poiblí' foilsíodh dhá thuarascáil:

- *Workforce Planning in the Irish Public Service* le Joanna O'Riordan;
- *Public Sector Trends 2019* le Richard Boyle.

Faoi tsraith 'Rialtas Áitiúil' críochnaíodh dhá thuarascáil agus foilsíodh iad:

- *Furthering Citizen Engagement in Local Authority Budgetary Processes Through Participatory Budgeting in Ireland – Feasibility Study* le Laura Shannon, Joanna O'Riordan agus Richard Boyle;
- *Local Government: Engaging and Empowering Local Communities* le Laura Shannon agus Fergal O'Leary.

Ar na réimsí oibre eile a raibh an fhoireann taighde ag gabhail dóibh in 2019 áirítear:

- measúnú críochnaithe ar an gClár Sprice um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí d'Ionad Seirbhísí Éifeachtacha;
- cúig 'Faisnéisiú Léargais' déanta;
- ionchur ó Éirinn curtha ar fáil le haghaidh an dara togra arna choimisiún ag an AE atá ag féachaint ar threochtaí athchóirithe an riaracháin phoiblí ar fud 28 dtír an AE (Eolas Tíre Riarachán Poiblí Eorpach - EUPACK2);
- obair tacaíochta don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haird ar athchóiriú na hearnála poiblí;
- eagarthóireacht ar iris an Fhorais, *Administration*, a gcuirtear ceithre eagrán de amach in aghaidh na bliana.



Ronnie Downes, Rúnaí Cúnta,
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus
Athchóirithe, ag caint ag an
Ócáid Fóram Rialachais de chuid
an Fhorais Riaracháin.

De réir straitéis foilsitheoireachta an Fhorais atá faoi mhaoirseacht Choiste Foilsitheoireacht Leabhar an Fhorais críochnaíodh roinnt téacsanna nó faomhadh i gcomhair a bhfoilsithe iad: Áirítear orthu seo:

- *Modern Management: Theory and Practice for Students in Ireland* le Siobhán Tiernan agus Michael J. Morley;
- *Social Housing Policy in Ireland: New Directions* le Eddie Lewis.

Tá Ireland - A Directory ar an bhfód le ceithre bliana déag is daichead anuas agus tá sé á fhoilsiú i gcónaí ag an bhForas Riarachán. Glactar leis gurb é an bhunachar sonraí is cuimsithí in Éirinn é faoi eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha. Tá an réamheolaire ar fáil leis, mar aip fóin nó deisce.

Sa Roinn Oiliúna cuireann an Foras réimse leathan clár foghlama agus forbartha, idir phoiblí agus shainiúnaithe, ar fáil mar aon le seirbhísí speisialaithe comhairleacha i réimsí na ceannaireachta agus bainistíochta earnála poiblí, i mbainistíocht acmhainní daonna, rialachas, cuntasáocht, bainistíocht airgeadais, iniúchóireacht, bainistíocht tionscadail agus cláir agus teicneolaíocht faisnéise.

Lean an Foras air ag tairiscint clár i gcomhair ballraíochta foirmiúla comhlachtaí gairmiúla lena n-áirítear MII (Institiúid Eadránaithe na hÉireann) agus CIPD (Institiúid Chairte um Phearsanra agus Forbairt) chomh maith le clár iniúchóireachta atá creidiúnaithe ag CIPFA (Institiúid Chairte Airgeadais agus Cuntasaíochta). Sa seimineár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do chuntasóirí agus gairmithe airgeadais na hearnála poiblí a thairgtear i gcomhar le heagraíochtaí cuntasaíochta gairmiúla leanadh ar aghaidh ag tógáil ar an méid a baineadh amach le roinnt blianta anuas agus reáchtáladh dá imeacht in 2019. Ag an imeacht i mí Bhealtaine déileáladh leis an téama 'Dul in Oiriúint d'Athrú - Forbairt i dTuairiscí, Slándáil Sonraí agus Cibir do Ghairmithe Airgeadais' agus i mí na Samhna díriodh ar 'Ceannaireacht Airgeadais ar mhaithe le hAirgeadas Poiblí Inbhuanaithe'. Lena chois sin reáchtáladh dhá chomhdháil go háirithe do chuntasóirí in údarás áitiúla le linn mhí Aibreáin agus le linn mí na Nollag. Chuir ionadaithe ón tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil agus ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil láithreoirí agus ceardlanna ar siúl ar ábhair ar nós folláine agus cóitseáil bheatha.

Mheall ár gClár Dúshlán Ceannaireachta (Leadership Challenge) bainisteoirí sinsearach a gach earnáil den tseirbhís poiblí, rialtas láir agus rialtas áitiúil agus na hearnálacha leathstáit san áireamh. Ghlac cúigear bainisteoirí is daichead ag a bhfuil feidhmeanna riaracháin agus teicniúla ó chúig údarás áitiúil is fiche, chomh maith le

tionól réigiúnach páirt sa Chlár Ceannaireachta sa Rialtas Áitiúil.

Lean an Fóram Rialachais air i mbun fáis agus foráis mar fhreagra don líon mór saincheisteanna agus dúshlán i dtaobh rialachais ar chaith na baill aghaidh a chur orthu. Óstáladh cúig imeacht déag san iomlán ag an bhForas. De bhréis ar chlár na n-imeachtaí tionóladh trí chruinniú speisialta comhcheime do rúnaí boird, cathaoirigh bhoird agus do chathaoirigh choistí iniúchóireachta agus riosca. Ar chlár na n-imeachtaí áiríodh an Chomhdháil Bhliantúil Rialachais a reáchtáladh i gcomhar le CIPFA ar an 28ú Márta agus inar tugadh faoin téama seo: 'Trust and Assurance'.

I gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil lean an Foras ar aghaidh le bheith gafa sa Clár Céime Rialtais Áitiúil ar cuireadh tús leis in 2018 agus a leanann ar aghaidh ar feadh trí bliana. In 2019 tháinig céimithe isteach i gcláir atá creidiúnaithe go gairmiúil i sé chinn de shnáithe éagsúla: Forbairt Fiontair agus Gnó Eacnamaíoch; Bainistíocht Acmhainní Daonna; Bainistíocht Togra agus Cláir; Straitéis Nuálaíochta agus Bainistíocht Athruithe; Cumarsáid agus Margaíocht; agus Anailís Sonraí agus Meadarachtaí Sonraí. Lena chois sin chuir an Foras sraith cúrsaí rialtais áitiúil ar fáil lena n-áirítear cúrsaí atá dírithe go sonrach ar thithíocht.

Le linn 2019 lean Seirbhís Idirnáisiúnta lena sainchúram, is é sin, riarachán poiblí éifeachtach a chur chun cinn agus a fhorbairt go hidirnáisiúnta agus barrchleachtas a thaispeáint ó sheirbhís poiblí na hÉireann. Threisiomar ár gcaidreamh le comhpháirtithe straitéiseacha atá againn cheana féin agus rinneamar comhghuallachtaí nua, chomh maith. D'fháiltíomar roimh thoscáireachtaí ón Rómáin agus ón Albáin agus sheachadamar tograí in Uganda, sa Chéinia agus san Airméin.

Lean ár gcomhpháirtíocht le ENA (École National d'Administration) chun tionscadal a chur i ngníomh le chéile i Scoil Náisiúnta an Riaracháin sa Rómáin ar aghaidh. Tacaíodh leis an tionscadal le maoiniú ón tSeirbhís Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrtha AE (SRSS).

Bhí fás ag teacht ar ár gcaidreamh le hOifig Choimisiún na Státseirbhíse (OCSC) sa Téalainn i gcónaí. Tar éis bualadh le foireann shinsearach ag Comhdháil Idirnáisiúnta na Scoileanna Rialtais i Seoul iarradh ar an bhForas Riaracháin togra a chur isteach chun clár a sheachadadh ar cheanna i eacht agus bainistíocht straitéiseach do státseirbhísigh Téalannacha a bhfuil gealladh fúthu.

Tháinig cobhsú ar chúrsaí airgeadais agus líon foirne an Fhorais le linn na bliana. Cuireadh feidhmíocht airgeadais dhearfach ar taifead. Is pribhléid é don bhForas lucht saothair fíorchumasach phroifisiúnta thiomanta a bheith aige, mar aon le lucht láidir comhghleacaithe. Tá an Foras Riaracháin tiomanta do thacú

lenár bhfoireann go léir maidir lena bhforbairt, idir ghairmiúil agus phearsanta, chun deis a thabhairt dóibh a gcuid oibre a dhéanamh go sármhaith agus chun beart a dhéanamh maidir le riachtanais na seirbhíse poiblí agus na státseirbhíse poiblí atá ag athrú de réir mar atá siad ag athrú. Tá saineolaithe ón Institiúid ag leanúint orthu ag tacú le réimse leathan eagraíochtaí atá ag athrú mar chuid den bpróiseas athchóirithe ginearálta. Áirítear orthu eagraíochtaí sa rialtas lárnach agus sa rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí san earnáil leath-stáit agus comhlachtaí leasa poiblí. Tugtar an tacaíocht dóibh mar idirghabhálacha gearra foghlama agus forbartha, mar shainchomhairle, mar thacaíocht comhairliúcháin agus mar chóitseáil d'fheidhmeannaigh.

Bliain thairbheach tháirgiúil ab ea 2019. Rinneamar beart de réir ár mbriathair maidir lenár bPlean Straitéiseach agus leanamar orainn ag cur lenár gcáil ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Gabhaimid buíochas lenár mic-léinn go léir, lenár gcliaint agus lenár gcuid eagraíochtaí ballraíochta. Táimid ag súil le leanúint ar aghaidh leis an gcaidreamh fiúntach seo leo sna blianta atá amach romhainn.

An Dr Fergal Lynch
Cathaoirleach

An Dr Marian O'Sullivan
Ard-Stiúrthóir



Eddie Lewis, údar, agus an Dr Marian O'Sullivan,
Ard-stiúrthóir, Foras Riaracháin, ag seoladh
Social Housing Policy in Ireland – New Directions.

02

OIDEACHAS



02

OIDEACHAS



An Dr Michael Mulreany
Ard-Stiúrthóir Cúnta

Is é an Foras Riaracháin an príomh-shainsoláthraí oideachais don tseirbhís phoiblí in Éirinn. Tá tábhacht ar leith ag baint le seirbhísí oideachais an Fhorais i láthair na huaire ina bhfuil athnuachan agus athrú ar siúl sa tseirbhís phoiblí. Tá ár gcuid clár dírithe ar scileanna agus eolas speisialtóir a sholáthar mar aon le tuisceant ar bhonn leathan ar bheartas poiblí, scileanna anailíse agus deis dul ar aghaidh ó dhámhachtainí leibhéil 6 suas chuig leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Tá na clár ceaptha leis, chun seirbhís sholúbtha phearsantaithe a chur ar fáil d'fhonn éascaíocht a dhéanamh do mhic-léinn atá ag obair go lánaimseartha agus chun tacú leo. Sa chomhthéacs seo tá tábhacht ar leith ag baint le soláthar tacaíochta ar líne do mhic-léinn agus is treocht é seo nach féidir a sheachaint a thuilleadh. Le blianta beaga anuas tá níos mó daoine ag tabhairt faoi chlár oideachais gach bliain.

In 2019 lean an Foras air ag soláthar seirbhísí do mhic-léinn idirnáisiúnta. Bhí breis is seachtó mac-léinn ó choláistí sna S.A. rannpháirteach i gclár intéirneachta parlaiminte agus rinne breis is seasca mac-léinn ó Ollscoil Nanchang staidéar ar an gclár Dioplóma i Staidéar Gnó.

CLÁIR CHREIDIÚNAITHE DE CHUID OLLSCOIL NÁISIÚNTA NA hÉIREANN AGUS CHOLÁISTE OLLSCOILE BHAILE ÁTHA CLIATH

Idir 2001 agus 2011 bhí an Foras Riaracháin ina choláiste aitheanta de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann. Idir 2011 agus 2018 bhí an Foras Riaracháin ina choláiste aitheanta de chuid Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. In 2018 thosaigh an Foras Riaracháin arís mar choláiste aitheanta de chuid ONÉ. Tá mic-léinn a chláraíonn ar chlár oideachais ó Mheán Fómhair 2018 incháilithe chun cáilíochtaí a bheidh creidiúnaithe ag ONÉ a fháil. Reachtáladh an searmanas bronnata do chlár chreidiúnaithe ar an 17 Nollaig 2019. Bronnadh dioplómaí agus céimeanna ar 960 gcéimí. Bronnadh teastais ar 515 mhac-léinn eile.

In 2019 chuir an Foras sraith clár fhochéime agus iarchéime ó leibhéil 6 go leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí ar fáil.

CLÁIR FHOCHÉIME

Na príomhchlár - an Baitsiléir Ealaíon (Onór.) agus an Baitsiléir Staidéar Gnó. Tairgeadh na clár i dtírí mhodh seachadta difriúla: léachtaí sa bhForas Riaracháin, léachtaí ag an bhForas, léachtaí in ionaid réigiúnacha agus trí chianoideachas/foghlaím chumaisc. Sa bhliain 2019 tairgeadh seacht gcinn de speisialtóireachtaí ar an gclár Baitsiléara Ealaíon (Onór.) agus ceithre cinn ar an gClár Baitsiléara Gnó (Onór.). Lena chois sin thairg an Foras réimse leathan clár teastais agus dioplóma idir chlár staidéar dlí agus chlár staidéar ríomhaireachta agus idir chlár ar Údarás Áitiúil agus chlár Sholáthair Phoiblí. Tairgtear cuid de na dioplómaí profisiúnta i gcomhar le comhlachtaí rialtais. Clár bliana atá á thairiscint i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh is ea an Dioplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais. Cuirtear an Dioplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas ar fáil i gcomhar le Coimisiún Cearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann. Tairgtear an Dioplóma i gCaidreamh Tionscadail agus Fostaíochta i gcomhar leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ar an iomlán, bhí breis is 1,350 mac-léinn cláraithe inár gcuid clár céime in 2019.

CLÁIR IARCHÉIME

Bliain choiteann is ea an chéad bhliain de chlár Mháistreachta Ealaíon an Fhorais, agus bronnar Dioplóma Iarchéime i mBainistíocht Phoiblí ina taobh. Sa dara bliain, gabhann na mic-léinn ar aghaidh chuig sainréimse agus tá rogha seacht gceann ar fáil dóibh. In 2019 bhí 195 mac-léinn san iomlán cláraithe ar chlár Mháistreachta Ealaíon.

Clár dhá bhliana is ea an Mháistreachta Eolaíocht Eacnamaíochta in Anailís Bheartais. Bronntar Dioplóma Iarchéime in Anailís Bheartais ag deireadh na chéad bhliana. Sa chéad bhliain déanann na mic-léinn staidéar ar réimse ábhar a bhaineann le cúrsaí beartais agus bíonn siad ag obair ar thráchtas fheidhmeacha sa dara bliain. In 2019 chláraigh fiche mac-léinn i mbliain a haon den gclár agus chláraigh deichniúr mac-léinn i mbliain a dó.

Cuireadh tús leis an gClár Máistreachta Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht i mí Mheán Fómhair 2011. Clár páirtaimseartha dhá bhliana is ea an MSc seo. Bhain an chéad dream de chéimithe an chlár a gcuid céimeanna amach i mí na Nollag 2013. Cláraíodh ionghabháil nua dhá mhacléinn déag ar an gclár in 2019.



Sa phictiúr (c-d) ag searmanas bronnata an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath 2019 bhí Seán Hector, Deborah Nash agus Paul Smith. Bronnadh dioplóma sa Dlí orthu go léir.

Clár a leanann ar aghaidh ar feadh bliana amháin is ea an Teastas Gairmiúil i Rialachas. Cuireadh ar fáil ar dtús é in 2011. Bhí breis is cúig mac-léinn is seasca cláraithe sa chlár in 2019.

Cuireadh tús leis an gclár Dochtúireachta i Rialachas in 2003, agus bronnadh céimeanna ar an chéad grúpa céimithe in 2006. Idir 2003 agus 2011 bhí an clár Dochtúireachta i Rialachas á thairiscint i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste. In 2011 ghlac an Foras le socrú nua chun an clár a chur ar fáil i gcomhar le COBÁC. Bronnadh a chéim ar an chéad chéimí den chomhchlár dochtúireachta de chuid an Fhorais Riaracháin agus COBÁC in 2015. In 2019 d'fhaomh ONÉ moladh an Fhorais freagracht aonair a ghlacadh as riarachán agus seachadadh an chlár. Nua-chláraigh triúr déag in 2019, rud a d'fhág go raibh ceathrar mac-léinn déag is fiche cláraithe sna blianta dochtúireachta ar fad.

An Dr Michael Mulreany
Ard-Stiúrthóir Cúnta



Sa phictiúr (c-d) ag searmanas bronnata an Fhorais ag Caisleán Bhaile Átha Cliath 2019 bhí Deirdre Horgan, Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí; Bláithín Moran, Teastas Gairmiúil i Rialachas; agus Gillian Daly, Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí.

LOCAL AUTHORITY TIMES

Vol 22 No. 1&2
Summer 2019
ISSN No. 07 91-8267

IPA
AN FORAS RIARACHÁIN
INSTITUTE OF PUBLIC
ADMINISTRATION

LOCAL GOVERNMENT ELECTIONS 2019

ELECTION
SPECIAL



Inside: Dr Seán Ó'Riordáin gives us his take on the 2019 local elections and the road ahead for local government in Ireland.

Tá foireann bheag, lánaimseartha, thiomnaithe ag an bhForas Riaracháin atá ag tabhairt faoi thaighde feidhmeach do ranna rialtais agus comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí. Sa bhliain 2019 leanadh ar aghaidh leis an tsraith taighde ar ‘Bail na Seirbhíse Poiblí’ agus leis an tsraith taighde ‘Rialtas Áitiúil’ atá idir lámha ag an bhForas. Leis na tionscnaimh seo, leantar an t-athrú ó bhonn ar an tseirbhís phoiblí agus soláthraítear léargas atá bunaithe ar fhianaise ar athruithe ar an tseirbhís phoiblí, rud a chuireann ar chumas an Fhorais cion rithábachtach a chur leis na meáin agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí eile. Tá sé seo ag teacht leis an gcuspoir straitéiseach arb í bonn eolais a chur faoi phlé, faoi dhíospóireacht agus faoi chleachtas i dtaobh treo na seirbhíse poiblí mar atá sí faoi láthair agus mar a bheidh sí amach anseo.



An Dr Richard Boyle
Ceann Taighde, Foilsitheoireachta
agus Caidrimh Chorpáide

Faoin tsraith ‘Bail na Seirbhíse Poiblí’ foilsíodh dhá thuarascáil in 2019:

WORKFORCE PLANNING IN THE IRISH PUBLIC SERVICE LE JOANNA O’RIORDAN

Páipéar taighde é seo a coimisiúnaíodh mar chuid de Our Public Service (OPS) 2020, an clár athchóirithe reatha don tseirbhís phoiblí. Éilíonn Gníomh 13 ar an tseirbhís phoiblí go ndéanfaí a lucht saothair a phríomhshruthú. Rinne meitheal oibre Gníomh 13 cinneadh páipéar taighde nuashonraithe a choimisiúnú ón bhForas Riaracháin chun tacú leo maidir lena bpríomhchuspóirí arb iad:

- pleanáil straitéiseach ar an lucht saothair a chur chun cinn mar dhisciplín laistigh den earnáil phoiblí,
- a chinntiú go dtuigtear ar fud na hearnála poiblí an tairiscint luacha a bhaineann le pleanáil straitéiseach ar lucht saothair ;
- cuir chuige chomhroinnte a bhreithniú i leith dúshlán choitianta a bhaineann le lucht saotha .

Is féidir an tuarascáil seo a íoslódáil ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/WORKFORCEPLANNING.pdf

PUBLIC SECTOR TRENDS 2019 LE RICHARD BOYLE

Sa tuarascáil seo círtar na treochoirí i bhforbairt na hearnála poiblí agus is í seo an deichiú ceann inár sraith bhliantúil . Trí úsáid a bhaint as sonraí a tiomsaíodh ó roinnt foinsí éagsúla, cuirtear eolas i láthair ar mhéid agus costas na hearnála poiblí, cáilíocht an riaracháin phoiblí, éifeachtacht agus feidhmíocht, agus ar leibhéil iontaoibhe agus muiníne ar shlí shimplí atá géar cruinn mar sin féin. Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/PUBLIC_SECTOR_TRENDS_2019.pdf

Faoin tsraith taighde ‘Rialtas Áitiúil’ críochnaíodh dhá thuarascáil agus foilsíodh iad:

FURTHERING CITIZEN ENGAGEMENT IN LOCAL AUTHORITY BUDGETARY PROCESSES THROUGH PARTICIPATORY BUDGETING IN IRELAND – FEASIBILITY STUDY LE LAURA SHANNON, JOANNA O’RIORDAN AGUS RICHARD BOYLE

Is é feabhsú an chaidrimh le saoránaigh beart atá chun tosaigh inár gcuid seirbhísí poiblí ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon. Tá taithí ag údarás áitiúla ar chaidreamh le saoránaigh ach bíonn slí ann i gcónaí chun triail a bhaint as slíe oibre nua chun próisis atá ann cheana féin a fheabhsú d’fhonn na torthaí is fearr dá bhfuil ann a bhaint amach do shaoránaigh. Ag an leibhéal náisiúnta gealltar i bPlean Gnímh Náisiúnta na hÉireann um Chomhpháirtíocht Oscailte 2016-2018 níos mó caidrimh le saoránaigh chun feabhas a chur ar bheartais agus ar sheachadadh seirbhísí. Ar na gealltanais faoin bplean seo áirítear staidéar féidearthachta a dhéanamh ar shlí ina bhféadfaí tuilleadh rannpháirtíochta saoránach a chumasú i bpróiseas buiséid na n-údarás áitiúil. Ba é an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a choimisiúnaigh an tuarascáil seo. Ba í seo an eagraíocht cheannais chun an gealltanais a chur i ngníomh le tacaíocht ó Chumann na mBainisteoirí Contae agus



Cathrach agus ó Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann. Is féidir an tuarascáil seo a íoslódáil ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/CitizensEngagement_LocalGov_2019.pdf

LOCAL GOVERNMENT: ENGAGING AND EMPOWERING LOCAL COMMUNITIES LE LAURA SHANNON AGUS FERGALE O’LEARY

Saincheist a gcuireann rialtais aghaidh uirthi is ea an gá rannpháirtíocht níos mó a thabhairt do shaoránaigh i gcinnteoireacht. Is fíor é seo i dtaobh rialtas lárnach agus áitiúil, agus go domhanda. Tá an taighde seo ag baint leasa as réimse leathan litríochta idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, as staidéir cháis, beartais, treoir agus príonsabail maidir le rannpháirtíocht, agus as taighde eile a rinne foireann taighde an

Florais le déanaí. Cuirtear cúig cinn de staidéir cháis dhoimhne i láthair chun barrchleachtas a léiriú ar fud an Chumainn Idirnáisiúnta um speictream Rannpháirtíochta Poiblí maidir le caidreamh saoránaigh. Is é is cuspóir don speictream na leibhéil dhifriúla rannpháirtíochta a thaispeáint, idir saoránaigh a chur ar an eolas nó dul i gcomhairle leo agus ligean dóibh páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht, comhoibriú leo agus iad a chumasú. Baineadh úsáid as an speictream seo chun barrchleachtas agus staidéir cháis a shainaithint a léiríonn na tionscnaimh ilghnéitheacha ag an leibhéal áitiúil in Éirinn atá dírithe ar thorthaí a fheabhsú trí eolas níos fearr agus rannpháirtíocht níos fearr a thabhairt don bpobal.

Tugtar breac-chuntas ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar roinnt mholtaí praiticiúla chun cabhrú le húdaráis áitiúla tionchar a gcuid tionscnamh um chaidreamh saoránach a uasmhéadú. Is féidir an tuarascáil seo a íoslódáil ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/LocalGov_EngagingandEmpoweringLocalComm.pdf

Ar na réimsí oibre eile a raibh an fhoireann taighde ag gabhail dóibh in 2019 áirítear:

- Measúnú a chríochnú ar an gClár Sprice um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí d'Ionad Seirbhísí Éifeachtacha;
- An tsraith 'Insight Brief': Rinneadh cúig 'Insight Brief' in 2019 a phléigh gnéithe de chleachtas na bainistíochta poiblí. Is ea is aidhm don tsraith 'Insight Brief' faisnéisithe gearra atá idir leathanach amháin agus dhá leathanach ar fhad a chur ar fáil do bhainisteoirí gnóthacha faoi ábhair spéise maidir le bainistíocht agus beartas poiblí. Tá na faisnéisithe ar fáil ag <https://www.ipa.ie/research-papers/insight-briefs.4014.html>
- Ionchur as Éirinn curtha ar fáil le haghaidh an dara togra arna choimisiúnú ag an AE atá ag féachaint ar threochtaí athchóirithe an riaracháin phoiblí ar fud 28 dtír an AE (Eolas Tíre Riarachán Poiblí Eorpach - EUPACK2);

- Obair tacaíochta don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le hathchóiriú na hearnála poiblí; Áiríodh air seo forbairt staidéir cháis ar rannpháirtíocht saoránach agus ball den bhfoireann a rinne ionadaíocht ar an bhForas Riaracháin ar an nGrúpa Bainistíocht Seirbhíse OPS 2020 a chuir an t-ocht mbeart déag sa phlean OPS 2020 chun cinn agus a bhí sa chathair ar an meitheal oibre um tháscairí OPS 2020.
- Eagarthóireacht ar iris an Florais, Administration, a gcuirtear ceithre eagrán de amach in aghaidh na bliana. Tagann coiste comhairlithe eagarthóireachta na hirise le chéile uair sa bhliain. Tá lucht acadúil mór-le-rá ag a bhfuil cúlra bainistíochta poiblí agus polaitíochta ar an gcoiste seo.
- Foilsiú dhá eagrán den *Local Authority Times* agus trí eagrán den *EU News Bulletin* mar chuid de sheirbhís faisnéise d'údarais áitiúla ar fud na bliana.
- Ag cur le clár Oideachais & Oiliúna an Florais Riaracháin agus feidhmiú mar mhaoirseoirí tráchtas agus marcálaithe ar chlár iarchéime.
- Ag cur le Rannóg Foilsitheoireachta an Florais Riaracháin trí bheith bainteach le *Ireland – A Directory*, irisí agus leabhair.
- Foilseacháin acadúla in irisí idirnáisiúnta agus cur le leabhair idirnáisiúnta faoi bhainistíocht phoiblí.

An Dr Richard Boyle

Ceann Taighde,

Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorporáide



04

OILIÚINT & FORBAIRT



Cuireann an Institiúid réimse leathan idirghabhálacha saincheaptha foghlama agus forbartha ar fáil mar aon le cúrsaí poiblí agus seirbhísí comhairleacha speisialtóireachta sna réimsí seo a leanas: ceannaireacht agus bainistíocht earnála poiblí, bainistíocht acmhainní, rialachas, cuntasáíocht, bainistíocht airgeadais, iniúcháireacht, bainistíocht tionscadail agus clár agus teicneolaíocht faisnéise lena n-áirítear clár chreidiúnaithe as a lean ballraíocht fhoirmiúil de chomhlachtaí gairme.



Teresa Casserly

*Stiúrthóir, Forbairt Ghnó,
Cheannaireacht agus Bainistíocht,
agus Seirbhísí Idirnáisiúnta*



Aidan Horan

*Stiúrthóir, Rialachas, Airgeadas,
Bainistíocht Acmhainní Daonna agus
Teicneolaíocht Faisnéise*

Le linn 2019 bhí an Foras ag obair i gcomhar le mórán ranna rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit, comhlachtaí oideachais agus leis an earnáil neamhbhrabúis chun clár shainoiriúnaithe a cheapadh agus a sheachadadh. Orthu siúd áirítear Forbairt Ghráid do na gráid seo a leanas: Oifigeach Feidhmiúcháin, Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Príomhoifigeach Cúnta sa Státseirbhís; Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta; Rialachas; Bainistíocht Riosca; Iniúchadh agus Árachas; Iniúchadh Inmheánach; Bainistíocht Airgeadais agus Cuntasáíocht; TF; RGCS agus Cosaint Sonraí; Bainistíocht Tionscadail; Dlí Riaracháin; Scileanna Seomra Cúirte; Próiseas reachtach; Éifeachtacht Phearsanta agus

Scileanna Gnó; Earcaíocht agus Roghnú; Gearán agus Araíonacht; Bainistíocht Feidhmíochta; agus Bainistíocht Acmhainní Daonna.

Lean an Foras air ag tairiscint clár le haghaidh ballraíochta foirmiúla de chomhlachtaí gairme lena n-áirítear an MII (Institiúid Eadránaithe na hÉireann) agus CIPD (Institiúid Chairte Phearsanra agus Forbartha) chomh maith le clár iniúcháireachta creidiúnaithe le CIPFA (Institiúid Chairte Airgeadais agus Cuntasáíochta Poiblí). Bhí ár gclár seanbhunaithe ar eadráin san áit oibre atá creidiúnaithe ag MII (Institiúid Eadránaithe na hÉireann) ag mealladh líon maith rannpháirtithe i gcónaí. Cuireadh tús le deichiú babhta an Teastas Bunleibhéil de chuid CIPD i gCleachtas Acmhainní Daonna ag deireadh 2019 agus lean an Dioplóma Bunleibhéil CIPD air ag tairiscint cosáin leantaigh dóibh siúd a chríochnaíonn an clár teastais. Bhí an cúrsa Teastais Bhunleibhéil CIPD i bhFoghlaim agus Forbairt ar siúl leis, ó mhí Dheireadh Fómhair 2019. Sa seimineár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do chuntasóirí agus gairmithe airgeadais na hearnála poiblí a thairgtear i gcomhar le heagraíochtaí cuntasáíochta gairmiúla leanadh ar aghaidh ag tógáil ar an méid a baineadh amach le roinnt blianta anuas agus reáchtáladh dá imeacht in 2019. Ag an imeacht i mí Bhealtaine déileáladh leis an téama 'Dul in Oiriúint d'Athrú - Forbairt i dTuairiscíú, Slándáil Sonraí agus Cibir do Ghairmithe Airgeadais' agus i mí na Samhna díriodh ar 'Ceannaireacht Airgeadais ar mhaithe le hAirgeadas Poiblí Inbhuanaithe'. Lena chois sin reáchtáladh dhá chomhdháil go háirithe do chuntasóirí in údaráis áitiúla le linn mhí Aibreáin agus le linn mí na Nollag 2019. Chuir ionadaithe ón tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil agus ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil láithreoireachtaí agus ceardlanna ar siúl ar ábhair ar nós folláine agus cóitseáil bheatha.

Agus é dírithe ar sheirbhísigh phoiblí sinsearach agus ceaptha chun cumas ceannaireachta a fhorbairt, mheall an Clár Dúshlán Ceannaireachta foireann de mhórsheisear bainisteoirí déag sinsearach as gach earnáil den tseirbhís phoiblí, an rialtas lárnach agus áitiúil chomh maith le hearnálacha leath-stáit san áireamh. Seachadtar an clár i

gcomhar le Cambridge Leadership Associates, Massachusetts, S.A.M. agus tá foireann teagaisc shinsearach ón Kennedy School of Government ag Ollscoil Harvard agus foireann teagaisc Scoil Ghnó Warwick ag Ollscoil Warwick, san R.A. rannpháirtreach. Tugtar deis do cheannairí sinsearach obair trí chur chuige ceannaireachta oiriúnaitheach i leith athrú eagraíochtúil, dul chun cinn a dhéanamh maidir le dúshlán ceannaireachta agus saincheisteanna straitéiseacha reatha agus iad siúd a bheidh ag teacht, tuiscint a fhorbairt ar a gcuid cleachtas agus scileanna ceannaireachta agus tabhairt go gníomhach faoi chóitseáil an duine aonair ina mbaintear úsáid as ionstraimí cumais ceannaireachta 360°

Ghlac cúigear bainisteoirí sinsearach a is daichead ag a bhfuil feidhmeanna riaracháin agus teicniúla ó chúig cinn is fiche d'údaráis áitiúla agus ó thionól réigiúnach páirt sa Chlár faoi Cheannaireacht i Rialtas Áitiúil. Seachadtar an clár san earrach agus sa bhfómhar i gcomhar le foireann teagaisc shinsearach ó Scoil Ghnó Warwick agus le cleachtóirí sinsearach sa chóras rialtais áitiúil. Tá an clár cónaithe ceithre mhodúil seo dírithe ar luach poiblí a sheachadadh trí cheannaireacht oiriúnaitheach i gceangal le cur chuige gníomh-fhoghlama i leith dúshlán ceannaireachta na rannpháirtithe. Tumtar na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí, stíleanna teagaisc agus cuir chuige éagsúla, tá mórán deiseanna foghlama idir piaraí acu agus tá teacht acu ar cheannairí sinsearach ó gach réimse den tseirbhís phoiblí chun radharc níos fairsinge a fháil agus tuiscint a fháil ar an dúshlán ceannaireachta faoi mar atá sé faoi láthair ina n-earnáil féin agus chun comhairle agus treoir a lorg maidir le deiseanna agus dúshlán ghairme a bheidh rompu amach anseo.

Lean an Fóram Rialachais ar aghaidh i mbun fáis agus foráis mar fhreagra don líon mór saincheisteanna agus dúshlán i dtaobh rialachais ar chaith baill an fhórait aghaidh a chur orthu. Rinne an Foras óstáil ar chúig imeacht déag san iomlán. I bhféilire na n-imeachtaí pléadh a lán saincheisteanna reatha maidir le rialachas. Bhí béim ar leith ar na téamaí seo a leanas: An Roinn-Caidrimh Gníomhaireachta; Athbheithniú ar Éifeachtacht Bhoird; Tuairiscíú ar Fheidhmíocht Straitéiseach; Athbheithnithe



Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh na ndámhachtainí i dtaobh Teastas Bunleibhéil CIPD i gCleachtas Acmhainní Daonna de chuid an Fhorais Riaracháin bhí Mary Connaughton, Stiúrthóir, CIPD, Andrew Farrell, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim; agus an Dr. Marian O'Sullivan, Ard-Stiúrthóir, An Foras Riaracháin.



Sa phictiúr (c-d) le linn an Chláir um Cheannaireacht i Rialtas Áitiúil 2019-20 tá Sylvia Kilcline, Comhairle Chontae Longfort, agus Úna Ní Chuinn, Comhairle Chontae Ros Comáin

Criticiúla Tréimhsiúla; Cultúr agus Dea-rialachas; Ról agus Freagrachtaí Bhaill an Bhoird; Cumarsáid Éifeachtach agus Caidrimh Luchtanna Leasa; Airgeadas agus Tuairisciú Airgeadais; agus Feidhmíocht, Tuairisciú agus Cuntasacht d'Eagraíochtaí Neamhbhrabúis. De bhreis ar chlár na n-imeachtaí tionóladh trí chuinníú speisialta comhchéime do rúnaí boird, chruinníú bhoird agus do chathaoirleach choisti iniúchóireachta agus riosca. Tugadh comhairle ábhartha phraiticiúil agus forbheathnú ar fhorbairtí reatha sna príomhréimsí rialachais seo.

Ar chlár na n-imeachtaí áiríodh an Chomhdháil bhliantúil Rialachais a reáchtáladh i gcomhar le CIPFA ar an 28ú Márta agus inar tugadh faoin téama seo: 'Trust and Assurance'. Chuir na daoine seo a leanas leis an gcomhdháil seo a thug a lán ábhar machnaimh dúinn: Fergal Purcell, Ceann Gnóthaí Poiblí ag Edelman Ireland; Seán Pearce, Cathaoirleach Bord CIPFA um Chaighdeán agus Tuairisciú Airgeadais agus Príomhoifigeach Oibríocháin, Ofqual, UK; Orla Duane, Leas-Stiúrthóir ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste; Gerard Howlin, Comhairleoir Gnóthaí Poiblí agus Tráchtair; An Dr Imelda Higgins, Comhlach Sinsearach ag McCann Fitzgerald; Jim Flynn, Comhpháirtí ag Great Place to Work;

agus Colin Hughes, Ceann Creidiúnaithe ag OT Bhaile Átha Cliath.

Bhí baint ghníomhach ag foireann Rialachais an Fhorais i gcruinnithe faisnéisithe a stiúradh agus chuir sí rannchuidiú agus comhairle ó shaineolaithe ar fáil do réimse leathan comhlachtaí stáit, leasa poiblí agus gníomhaireachtaí. De bhreis air seo chabhraigh an Fhoireann Rialachais agus aonaid speisialtóra le heagraíochtaí athbheithniú neamhspleách a dhéanamh ar chomhlánú oibleagáidí i gcúrsaí dlí, rialúcháin agus rialachais, i dtaobh athbheithnithe ar éifeachtacht bhoird, cur i ngníomh córais bhainistiú riosca, measúnú boird agus coiste boird, meastóireachtaí cumais agus seirbhísí a bhaineann leis, agus trí comhairle a chur orthu maidir le saincheistanna rialachais éagsúla san earnáil phoiblí agus san earnáil stáit.

I gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil lean an Foras ar aghaidh le bheith gafa sa Clár Céime Rialtais Áitiúil ar cuireadh tús leis in 2018 agus a leanann ar aghaidh ar feadh trí bliana. In 2019 tháinig céimithe isteach i gclár atá creidiúnaithe go gairmiúil i sé chinn de shnáithe éagsúla: Forbairt Fiontair agus Gnó Eacnamaíoch; Bainistíocht Acmhainní Daonna; Bainistíocht Togra agus Cláir; Straitéis Nuálaíochta agus Bainistíocht Athruithe; Cumarsáid agus Margaíocht; agus Anailís Sonraí agus Meadarachtaí Sonraí.

Le linn na bliana chuir an Foras sraith cúrsaí ar rialtas áitiúil ar fáil lena n-áirítear cúrsaí atá dírithe go háirithe ar thithíocht Áiríodh orthu seo clár a bhfuil éileamh mór air, dar teideal A-Z of Irish Local Government, Bainistiú Fiachais, Tuiscint ar Airgeadais Rialtais Áitiúil agus roinnt cúrsaí teicniúla agus neamhtheicniúla atá dírithe go háirithe ar chleachtóirí tithíochta in údarás áitiúla. Áiríodh orthu Caighdeán Chóiríochta na hEarnála Cíos, Riaráistí Morgáiste a chosc agus a bhainistiú; Déileáil le hlompar Frithshóisialta; lonsaitheacht agus Foréigean ag an Obair a chosc agus a bhainistiú; Córais Faisnéise a Bhainistiú, agus sraith seimineár idirnasctha dar teideal New Thinking for Housing. Bhí mór-éileamh i gcónaí ar chlár chreidiúnaithe teastais agus dioplóma atá dírithe go sonrach ar rialtas áitiúil. Bhí breis is 480 mac-léinn ag gabháil dóibh siúd.

Ar na seirbhísí comhairleacha agus comhairleoireachta áiríodh sannacháin shuntasacha ina n-adaítear socruithe um phleanáil riosca agus gnó, bainistíocht togra agus cláir, forbairt eagraíochta shuntasach agus tograí um athrú agus planáil straitéiseach. Cuireadh tacaíochtaí agus cláir nua shainoiriúnaithe i mbainistíocht tionscadail agus cláir ar fáil d'eagraíochtaí cliant chun freastal ar éilimh atá ag teacht chun cinn sa réimse seo. I réimse na Bainistíochta Acmhainní Daonna soláthraíodh réimse sannacháin comhairleoireachta agus taighde ar réimsí lena n-áirítear athbheithniú ar eagraíocht agus ar sholáthar foirne agus ar phá agus choinníollacha earnála.

Go hachomair, lean speisialtóirí an Fhorais orthu ag tacú le réimse leathan eagraíochtaí a bhí ag athrú mar chuid den bpróiseas athchóirithe ginearálta. Áirítear orthu eagraíochtaí sa rialtas lárnach agus sa rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí na hearnála leath-stáit agus comhlachtaí leasa poiblí. Tugadh an tacaíocht dóibh mar idirghabhálacha gearra foghlama agus forbartha, mar chomhairle saineolaí, mar thacaíocht chomhairliúcháin agus mar chóitseáil fheidhmiúcháin.

Teresa Casserly

Stiúrthóir, Forbairt Ghnó, Cheannaireachta agus Bainistíochta, agus Seirbhísí Idirnáisiúnta

Aidan Horan

Stiúrthóir, Rialachas, Airgeadas, Bainistiú Acmhainní Daonna agus Teicneolaíocht Faisnéise



Edwin Maguire, Speisialtóir Sinsearach, An Foras Riaracháin, ag caint ag searmanas bronnata CIPD ag an bhForas

05

SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA



05

SEIRBHÍSÍ
IDIRNÁISIÚNTA

Tá comhpháirtíocht déanta le Seirbhísí Idirnáisiúnta le ÉNA (École Nationale d'Administration) chun tionscadal a chur i bhfeidhm i dteanna a chéile in Institiúid Náisiúnta an Riaracháin (INA) sa Rómáin, d'fhoth leibhéal a cuid seirbhísí a chur chun cinn ar an iomlán agus chun inniúlachtaí nua a chothú. Tá Seirbhís Tacaíochta an AE um Athchóiriú Struchtúrtha (SRSS) ag tacú leis an tionscadal, tá sí ag cabhrú maidir le straitéis nua eagraíochta a leagan amach agus maidir le huirlisí foghlama nuálacha a aimsiú chun tacú le cur chuige foghlama cumaisc a sheachadadh. Lena chois sin is céim thábhachtach é chun pleananna athchóirithe uileghabhálacha na tíre maidir le riarachán poiblí a chur i gcrích. I measc na ngníomhaíochtaí faoin tionscadal seo in 2019 bhí:



Teresa Casserly

Stiúrthóir, Forbairt Ghnó,
Ceannaireachta agus Bainistíochta,
agus Seirbhísí Idirnáisiúnta

- Tacaíocht theicniúil, thar roinnt míonna, chun straitéis agus plean gníomhaíochta cúig bliana a fhorbairt do INA, i gcomhair na tréimhe 2019-24.
- Cuairt staidéir ar an bhForas Riaracháin, Feabhra 2019, ó ghrúpa foirne TF agus dearadh cúrsa ó INA, chun eispéiris foghlama cumaisc san dá institiúid a fhoghlaim agus a roinnt. Reáchtáladh ceardlann éascaithe chun cur chuige foghlama cumaisc a fhorbairt ag an bhForas Riaracháin.
- Cuairt staidéir i Meitheamh 2019, ó ghrúpa eile d'fhoireann deartha cúrsa ó INA, chun iniúchadh a dhéanamh ar dhúshlán idir theicniúil agus eagraíochtúil, a bhaineann le hoiliúint ar líne a sholáthar do sheirbhísigh phoiblí na Rómáine agus foghlaim faoi ghnéithe dearaidh teagaisc den ríomhfhoghlaim.
- Treoirilnte foghlama forbartha ag an bhForas Riaracháin do INA, ina bhfuil treoirilnte maidir leis an gcaoi is fearr a dheartar ábhar foghlama cumaisc.
- Comhaontú maidir le straitéis INA agus plean gníomhaíochta tascach a thabhairt chun críche, agus ceardlann a dhéanamh le gach ball

d'fhoireann bainistíochta agus foireann INA chun na príomhghnéithe den straitéis nua a chur in iúl agus rannpháirtíocht tras-rannach a éascú d'fhoth straitéis a chur i bhfeidhm.

I mí na Samhna 2019, tar éis hathrú rialtais sa Rómáin, fógraíodh go raibh INA le comhchuimsiú in aireacht rialtais láir agus rinne SRSS cinneadh gach gníomhaíocht tionscadail a stopadh go dtí go raibh an scéal níos soiléire. Ina dhiaidh sin, fuarthas deimhniú go dtabharfaí branda nua don INA mar Scoil Náisiúnta an Riaracháin Phoiblí (SNAP). Bhí an chumarsáid fós ar siúl maidir leis na ngníomhaíochtaí tionscadail atá fágtha agus nuair a d'fhéadfaí iad a chur i ngníomh. Ina fhianaise seo bhí an SRSS sásta an tionscadail a leathnú go mí Bhealtaine 2020 agus cuireadh tús arís le pleanáil tionscadail i mí Feabhra 2020. In 2020, rinne an Foras Riaracháin athchumrú ar sheachadadh na ngníomhaíochtaí tionscadail atá fágtha i bhfianaise na paindéime domhanda Covid-19.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA EILE

I mí an Mhárta 2019, chuir an Foras Riaracháin fáilte roimh thoscaireacht tríocha státseirbhíseach ón Rómáin ar chuairt staidéir a bhí ar conradh ag an mBanc Domhanda, an Rómáin. Cuireadh an clár seo ar fáil i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus thug sé aghaidh ar chleachtas reatha bainistíochta acmhainní daonna i státseirbhís na hÉireann, lena n-áirítear cur chuige earcaíochta atá bunaithe ar inniúlacht i leith oiliúna, bainistíocht feidhmíochta, agus i leith bunú agus réasúnaíocht don Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte.

I mí na Bealtaine 2019, tháinig stiúrthóir nuacheaptha Scoil Riaracháin Phoiblí na hAlbáine ar misean aimsithe fíricí chuig an bhForas Riaracháin, le tacaíocht ó Chomhairle na hEorpa. Ba é cuspóir na cuairte ár dtaithí ar chreidiúnú in oiliúint agus oideachas a roinnt agus naisc chomhoibritheacha a bhunú idir an dá institiúid. An mhí seo, tháinig toscaireacht ar cuairt ó Oifig Phríomh-Aire Mhálta leis, ar iarratas ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus

Athchóirithe, ag bualadh le pearsanra an Fhorais Riaracháin chun cláir agus seirbhísí oideachais, taighde, oiliúna agus forbartha a phlé. Dá bharr sin chuir an Foras Riaracháin togra faoi bhráid na hAireachta um Bainistíocht Fuinnimh agus Uisce, Málta, chun clár oiliúna seachtaine agus cuairt staidéir a chur ar fáil ar ábhar na cianoibre measúnú poist agus breithmheas feidhmíochta. Chuir Oifig an Phríomh-Aire de chúram ar an aireacht cianoibre a shaothrú agus é mar aidhm aici bogadh i dtreo cur chuige eagraíochtúil atá níos éifeachtúla, níos nuálaí agus níos mó bunaithe ar thorthaí.

Idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2019 rinne speisialtóir ceannaireachta an Fhorais trí mhisean in Uganda agus sa Chéinia mar chuid de chomhaontú comhairliúcháin le hInstitiúid na Danmhairge in aghaidh Céasta. Ba é aidhm na misean gníomhaíochtaí ceannaireachta comhoibreacha tosaigh a éascú ar fud earnálacha uirbeacha i roinnt bardas sa dá thír ar tugadh cuairt orthu.

I mí Mheán Fómhair 2019, thug toscaireacht shinsearach Albánach cuairt ar an bhForas chun léargas a fháil ar dhea-chleachtas agus ar eispéiris le cur i bhfeidhm éifeachtach a dhéanamh ar athchóiriú na státseirbhíse. Ba é aidhm na cuairte staidéir eispéiris den chineál céanna a bhíonn ag baill foirne a oibríonn i riaracháin phoiblí na hÉireann a roinnt le rannpháirtithe na hAlbáine agus tacú le riarachán poiblí na hAlbáine ina gcuid iarrachtaí chun an riarachán poiblí a neartú, go háirithe i réimse na dtuarastal, aicmiú post sa státseirbhís,

Tá an IPA i gcomhpháirtíocht le PAI sa Ríocht Aontaithe, maidir le tionscadal chun Córas Oiliúna na Státseirbhíse i bPoblacht na hAirméine a fheabhsú agus a fhorbairt, faoi stiúir comhairleacht Airméanach darb ainm Avenue Consulting Group. Chuige seo bhí obair dheisce agus taighde ag teastáil a rinne an Foras chun dhá pháipéar a mheas agus tuairim a thabhairt ina dtaobh. Is iad na páipéir a bhí i gceist 'Concept of the Armenian Training System' agus 'Draft Competency Framework for Armenia'. Cuireadh tús leis an obair seo i mí na Samhna 2019 agus cuireadh tuarscáil isteach faoi dheireadh na bliana.

I rith 2019, cuireadh an IPA, mar chuid de chuibhreannas lena n-áirítear HAUS, Scoil Riaracháin Phoiblí na Fionlainne, agus PAI na Ríochta Aontaithe, agus faoi stiúir an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh, ar an ngearrliosta chun tairiscint don tionscadal 'Saineolas Teicniúil agus Seirbhísí Tacaíochta Saineolais Forfheidhmithe do Scoil Náisiúnta an Rialtais na hAfraice Theas'.

Mar fhocal scoir, tugadh cuireadh don bhForas togra a chur faoi bhráid Oifig Choimisiún na Státseirbhíse (OCSC) sa Téalainn chun clár a sheachadadh maidir le ceannaireacht agus bainistíocht straitéiseach do státseirbhísigh thréitheacha ón Téalainn. Tá caidreamh straitéiseach leanúnach ag an bhForas Riaracháin le OCSC, tar éis roinnt clár samhraidh a reáchtáil dóibh le linn 2017 agus 2018, agus táimid ag fanacht le cinneadh ón bpróiseas togra.

Teresa Casserly

Stiúrthóir, Forbairt Ghnó, Ceannaireachta
agus Bainistíochta, agus Seirbhísí Idirnáisiúnta

06

LEABHARLANN & SEIRBHÍSÍ EOLAIS



Is é an Foras an t-aon eagraíocht sa tír seo a bhfuil leabharlann speisialtóra don riarachán poiblí aige.

Is í an fhís do Leabharlann an Fhorais a bheith ina cuid lárnach, intreach de phobal na hInstitiúide, a nascann ár gcuid úsáideoirí leis an bhfaisnéis a theastaíonn uathu chun cabhrú leo rath a bhaint amach. Tá sé mar aidhm ag an Leabharlann cultúr cleachtais agus cinnteoireachta a bhfuil taighde mar bhonn eolais aige a chur chun cinn, seirbhísí solúbtha, freagrúla agus ardchaighdeán a chur ar fáil atá ag teacht le riachtanais ár gcustaiméirí, agus cuidiú le rath acadúil a chumasú tríd na scileanna litearthachta faisnéise riachtanacha a chothú. Is é croí-mhisean na Leabharlainne rochtain a sholáthar ar an bhfaisnéis agus ar an taighde is fearr ar bhealach tráthúil do mhic léinn, d'fhoireann agus do bhaill na hInstitiúide, agus comhairle a thabhairt maidir le húsáid chuí, chriticiúil agus eiticiciúil faisnéise.



Senan Healy
Leabharlannai

Tá an leabharlann suite ar Bhóthar Lansdún. Cuireann sí seirbhís iasachta, thagartha agus faisnéise ar fáil do mhic léinn, d'fhoireann agus do bhaill an Fhorais. De bhreis air seo freagraítear ceisteanna ó dhaoine eile tríd an nguthán nó trí ríomhphost. Cuirtear rochtain ar fáil ar leabhair, irisí, bhunachair shonraí leictreonacha, thuarascálacha, staitisticí agus ar fhoilseacháin oifigiúla faoi réimse ghinearálta na bainistíochta poiblí. Clúdaíonn an tseirbhís seo réimse leathan ábhar lena n-áirítear bainistíocht, eacnamaíocht, socheolaíocht, dlí, coireolaíocht, sláinte, airgeadas agus rialtas áitiúil. Tá forbairt agus coimeádaíocht leanúnach bailiúcháin uathúil na Leabharlainne tar éis a seasamh a dhaingniú mar phríomhacmhainn náisiúnta i réimse na bainistíochta poiblí agus an riaracháin phoiblí.

Is é aidhm na Leabharlainne an fhaisnéis agus na hacmhainní cearta a chur ar fáil sna bhformáid is iomchuí agus ar bhealach tráthúil chuig raon éagsúil cliant atá scaipthe go geografach. Tá seomraí léitheoireachta ar fáil chun staidéar

a dhéanamh, chun leabhair a léamh agus a fháil ar iasacht agus chun teacht a fháil ar acmhainní leictreonacha. Is féidir le mic-léinn cianoideachais leas a bhaint as an tseirbhís Leabharlainne tríd an ghuthán, trí ríomhphost nó trí rochtain ar bhunachair shonraí leictreonacha agus ar na mílte alt irise lán-téacs trí shuíomh gréasáin an Fhorais Riaracháin. Is féidir ábhair nach bhfuil á gcoinneáil ag an leabharlann a iarraidh trí sheirbhís iasachta idirleabharlainne agus is féidir earraí a sholáthar mar chóip chrua nó mar chóip leictreonach.

Le linn an téarma bíonn an leabharlann oscailte ó 9.15 a.m. go 8.00 p.m. Luan go Déardaoin, agus go dtí 5.15 p.m. ar an Aoine. Lena chois sin bíonn amanna oscailte teoranta i bhfeidhm ar fhorhmór de Shathairn le linn an téarma. Tá eolas iomlán agus an t-eolas is deireanaí maidir le huaireanta oscailte ar fáil ar shuíomh gréasáin an Fhorais Riaracháin

Senan Healy
Leabharlannai

07

FOILSITHEOIREACTH



07

FOILSITHEOIREACHT

Tá baint ag obair Rannóg na bhFoilseachán le gníomhaíochtaí oideachais agus taighde níos leithne an Fhorais mar chuid de Scoil Whitaker Rialtais agus Bainistíochta. Is bunús tábhachtach eolais agus faisnéise í chun treoir a thabhairt do chleachtas an riaracháin phoiblí. Sa bhliain 2019 críochnaíodh roinnt tionscadal agus cuireadh tús le roinnt tionscnaimh fhoilsitheoireachta nua.



An Dr Richard Boyle
Ceann Taighde, Foilsitheoireachta
agus Caidrimh Chorpáiríde

LEABHAR A FOILSIÓDH

De réir straitéis foilsitheoireachta an Fhorais atá faoi mhaoirseacht Choiste Foilsitheoireachta Leabhar an Fhorais críochnaíodh roinnt téacsanna nó faomhadh i gcomhair a bhfoilsithe iad: Áirítear orthu seo:

- *Modern Management: Theory and Practice for Students in Ireland* le Siobhán Tiernan & Michael J. Morley. San eagrán nua seo déantar stair smaoineamh na bainistíochta a rianú agus scrúdaítear forbairt bheartas agus cleachtas bainistíochta na hÉireann. Cuimsítear ann samplaí léiritheacha agus fíneid cháis ó thús go deireadh. Tairgtear faisnéis phraiticiúil agus samplaí maidir le conas teoiric bainistíochta a chur i bhfeidhm i dtimpeallacht oibre atá ag athrú agus atá dúshlánach.
- *Social Housing Policy in Ireland: New Directions* le Eddie Lewis. Breathnaítear sa leabhar seo ar na roghanna atá ar fáil don stát agus é ag féachaint le beartas tithíochta sóisialta a cheapadh atá in ann freastal ar riachtanais geilleagair dhinimiciúil le daonra atá ag fás go tapa. Tá an díospóireacht phoiblí dírithe ar an méid maoinithe poiblí atá ar fáil agus ar an leibhéal aschuir atá ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar ghéarghanntanas tithíochta inacmhainne, is furasta dearmad a dhéanamh ar na


hathchóirithe níos leithne a theastaíonn laistigh de na hearnálacha tithíochta a dtacaítear leo. Mar a mhaítear sa leabhar seo, ní hiad cúrsaí airgid amháin atá i gceist ach cuspóirí agus treo an bheartais tithíochta. Sheol John McCarthy, Ardrúnaí na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an leabhar i mí Feabhra.

Lena chois sin foilsíodh roinnt tuarscála, thar ceann Rannóg Taighde an Fhorais. Áirítear orthu:

- *Workforce Planning in the Irish Public Service* [an tSraith Bail na Seirbhíse Poiblí Páipéar Taighde Uimh. 24] le Joanna O'Riordan;
- *Public Sector Trends 2019* [Páipéar Taighde sa tSraith State of the Public Service, Uimh. 25], le Richard Boyle;
- *Furthering Citizen Engagement in Local Authority Budgetary Processes Through Participatory Budgeting in Ireland – Staidéar Féidearthachta* [An tSraith Taighde Rialtais Áitiúil Uimh. 15] le Laura Shannon, Joanna O'Riordan agus Richard Boyle;
- *Local Government: Engaging and Empowering Local Communities* [An tSraith Taighde Rialtais Áitiúil Uimh. 16] le Laura Shannon agus Fergal O'Leary;
- dhá eagrán den *Local Authority Times*.

IRELAND – A DIRECTORY

Tá an tEolaire ar an bhfód le ceithre bliana déag is daichead agus glactar leis mar an bunachar sonraí is cuimsithí in Éirinn faoi eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha. Tá tuairim is 9,000 eagraíocht san áireamh san eagrán deiridh. Áirítear orthu ranna rialtais, údarás áitiúla, gníomhaireachtaí deonacha, eagraíochtaí trádála agus gairmiúla, bainc mharsantacha, gníomhaireachtaí fógraíochta, institiúidí tríú leibhéil, stáisiúin raidió neamhspleacha, na meáin agus forais de chuid an AE. Tá an réamheolaire ar fáil leis, mar aip fóin nó deisce freisin. Sheol an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Regina Doherty, TD an tEolaire i mí na Nollag.



AN IRIS ADMINISTRATION

Foilsíodh ceithre eagrán d'iris an Fhorais, *Administration*, i gcaitheamh na bliana. Tá gach eagrán agus ailt ó imleabhar 63 ar aghaidh ar fáil saor in aisce ar líne: <https://content.sciendo.com/view/journals/admin/admin-overview.xml>

COMHAIRLEOIREACHT FOILSITHEOIREACHTA

Lean Rannóg na bhFoilseachán uirthi ag cur saineolais ar fáil maidir le tionscadail foilsitheoireachta a tháirgeadh agus a bhainistiú ar son eagraíochtaí eile na hearnála poiblí. Tairgteadh an *Irish Probation Journal* thar ceann na Seirbhíse Promhaidh agus Bord Promhaidh Thuaisceart Éireann (foilseachán Thuaidh / Theas).



Aoi onóra John McCarthy, Ardrúnaí, an Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, ag labhairt ag seoladh *Social Housing Policy in Ireland: New Directions* le Eddie Lewis.

08

BUAITEOIRÍ GRADAM & DUAISEANNA



o8

BUAITEOIRÍ
GRADAM &
DUASEANNA

Bhí searmanais bhronnta an Fhorais Riaracháin ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath Dé Máirt an 17 Nollaig 2019. Bronnadh dioplómaí, céimeanna baitsiléara agus céimeanna iarchéime ar 960 mac-léinn san iomlán. Bronnadh teastais ar 515 mhac-léinn eile.

Ba iad seo a leanas na duaiseanna a bronnadh ag na searmanais seo:

Mac-léinn Iarchéime na Bliana 2019 de chuid Scoil Whitaker Rialtais agus Bainistíochta

Colm Murray

Mac-léinn Fochéime na Bliana 2019 de chuid Scoil Whitaker Rialtais agus Bainistíochta

Stuart Keegan

Dioplóma i Staidéar Gnó

An Chéad áit: Valerie Walsh

Dioplóma i Staidéir Státseirbhíse agus Gníomhaireachtaí Stáit

An Chéad áit: Matthew Day

Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta

An Chéad áit: Norma O'Connell

Dioplóma i mBainistíocht Chúram Sláinte

An Chéad áit: Emer Quigley

Dioplóma i mBeartas Seirbhísí Sláinte

An Chéad áit: Stephen Dredge

Dioplóma i mBainistíocht Acmhainní Daonna

An Chéad áit: Susan Morgan

Dioplóma i nDlí

An Chéad áit: Pat Phelan

Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil

An Chéad áit: Sandra Twomey

Dioplóma i mBainistíocht

An Chéad áit: Judith Giles

Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí

An Chéad áit: Margaret Bell

Dioplóma Gairmiúil in Eacnamaíochtaí Sláinte

An Chéad áit: Jennifer McCarta

Dioplóma Gairmiúil i Staidéar Tithíochta

An Chéad áit: Brendan White

Sa phictiúr (c-d) ag searmanas bronnata an Fhorais, 2019 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Christie Kandiwa, Dioplóma i Staidéar Gnó; Derek Clancy, BA (Onór.) Dlí agus Riaradh Ceartais; agus Niamh Hayden, Dioplóma i Staidéar Gnó.



Dioplóma Gairmiúil i gCearta Daonna agus Comhionannas

An Chéad áit: Úna McNerney

Dioplóma Gairmiúil i mBainistíocht Athraithe

An Chéad áit roinnte: Annette Browne, Orla Maguire

Dioplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais

An Chéad áit: Eimear Leahy

Teastas Gairmiúil i mBainistíocht Togra

An Chéad áit: Sarah Kennelly

Dioplóma Gairmiúil i Soláthar Poiblí

An Chéad áit: Lorraine Kessack

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Cúram Sláinte)

An Chéad áit: Patricia O'Brien

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit: Denis Ellard

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht TF)

An Chéad áit: Frank Brady

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Dlí & Riarachán Ceartais)

An Chéad áit: Philip Sullivan

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Rialtas Áitiúil) & Faighteoir an Ghradaim um Ghnóthachan Acadúil de chuid Chomhairle Chontae Chorcaí

Simon Brock

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht)

An Chéad áit: Sandra McGrath

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Phoiblí)

An Chéad áit: Stuart Keegan

Baitsiléir i Staidéar Gnó (Onór.) (Cuntasaíocht) agus Faighteoir Duais Bhliantúil CIMA

Padraig O'Looney

Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit: Jennifer Collins



Sa phictiúr (c-d) ag searmanas bronnata an Fhorais 2019 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Keith Halley, Catherine O'Mahony agus Paul Comerford. Bhain gach duine acu céim BA (Onór.) amach.

Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Margaíocht)

An Chéad áit: Stephanie O'Halloran

Teastas Gairmiúil i Rialachas

An Chéad áit roinnte: Emma Fortune, Goretti Sheridan

Dioplóma larchéime in Anailís Bheartais

An Chéad áit roinnte: June Fanning, Dónal O'Mahony

Dioplóma larchéime i mBainistíocht Phoiblí

An Chéad áit: Jean Usher

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Airgeadais)

An Chéad áit: Kate O'Brien

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Cúram Sláinte)

An Chéad áit: Patricia Cummins

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit: Sinéad Meade

Máistreacht Ealaíon (Ceannaireacht agus Straitéis)

An Chéad áit: Olive Loughnane

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Rialtais Áitiúil)

An Chéad áit roinnte: Mary Gouldsbury, Louise Kiernan

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Phoiblí)

An Chéad áit: Colm Murray

Máistreacht in Eolaíocht Eacnamaíochta in Anailís Bheartais

An Chéad áit roinnte: Thomas Allen, Linda O'Shea Farren

Máistreacht Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht (Bainistíocht Airgeadais)

An Chéad áit: John Cooney

Máistreacht Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit: Amanda Manley

09

FOR-ROCHTAIN



09

FOR-ROCHTAIN

Faoi mar a cuireadh in iúl i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, is é an Foras an eagraíocht atá tiomnaithe d'fhorbairt ghairm na seirbhíse poiblí. Dá thoradh sin, bítear ag brath go leanúnach ar shaineolas foireann an Fhorais i slite eile seachas soláthar seirbhísí díreach.

I gcaitheamh na mblianta ainmníodh agus comh-thoghadh baill foirne speisialtóireachta chuig réimse bord, comhlachtaí agus coistí rialachais sa stát agus san earnáil phoiblí níos leithne mar bhaill agus mar chathaoirligh neamhspleácha gan fheidhm fheidhmiúcháin a bheith acu. Bhí na ról seo acu i gcónaí in 2019 agus áiríodh orthu poist ar choistí iniúchóireachta agus coistí riosca sa rialtas lárnach agus sa rialtas áitiúil agus i gcomhlachtaí agus i ngníomhaireachtaí rialúcháin agus stáit. Chuir foireann an Fhorais le hobair Ghrúpa Bainistíochta na *Our Public Service 2020* freisin. Tá an tArd-stiúrthóir ina bhall de roinnt líonraí Eorpacha agus líonraí ECFE de chinn scoile agus institiúidí riaracháin phoiblí ar fud an domhain.

Déanann an Foras éascaíocht do roinnt líonraí neamhfhoirmiúla chun barrchleachtas a scaipeadh agus eolas, taithí agus saineolas a roinnt. Mar shampla, tacaíonn an Foras le líonra príomhfheidhmeannaigh comhlachtaí stáit, líonra cinn riaracháin i ngníomhaireachtaí stáit agus fóram do chathaoirligh grúpálacha éagsúla san earnáil phoiblí.

Le linn 2019, d'óstaigh an Foras roinnt seimineár maidine chun comhphlé agus díospóireacht a chur chun cinn i measc státseirbhíseach sinsearach agus fostaithe sinsearacha na seirbhíse poiblí ar cheisteanna tábhachtacha.

IO

FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS



IO

FEIDHMÍOCHT
AIRGEADAIS

Leagtar amach sna Ráitis Airgeadais seo a leanas mionsonraí oibríocht airgeadais an Fhorais i leith na bliana go dtí an 31 Nollaig 2019.

Sa bhliain 2019 bhí feidhmíocht airgeadais láidir ag an bhForas uair eile agus é ag tógáil ar a raibh bainte amach aige in 2018. Gineadh barrachas €594 míle.

Léiríonn an barrachas seo méadú ar na leibhéil ghníomhaíochta ar fud timpeallacht trádála dhúshlánach iomaíoch an Fhorais faoi mar a chuir mo chomhghleacaithe in iúl i Rannóga an Oideachais, Oiliúna, Taighde agus Foilsitheoireachta.

Bhí tuillimh an Fhorais comhdhéanta de sheirbhísí oiliúna agus idirnáisiúnta (31.2%, 2018 – 34.3%), ioncam ó tháillí oideachais (41.7%, 2018 – 37.6%), ioncam ó thaighde (2.4%, 2018 – 2.6%), ioncam ó fhoilseacháin agus ó bhallraíocht (4.2%, 2018 – 4.6%), scaoileadh deontais chaipitil (1.1%, 2018 – 1.1%) agus deontas ón rialtas (19.4%, 2018 – 19.8%) arna íoc ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tháinig laghdú beag ar chostais dhíreacha an Fhorais (costais a thabhaítear trí chlár oideachais agus oiliúna an Fhorais a reáchtáil) le linn 2019 mar thoradh díreach ar iarracht réamhbheartaithe an Fhorais an caiteachas seo a laghdú. Tháinig laghdú an-bheag de 0.4% ar chostais thuarastail mar thoradh ar laghdú ar líon foirne an Fhorais. Cuirtear costais ghaolmhara go díreach i leith teagaisc agus oiliúna agus dá bhí sin tháinig méadú 4% orthu mar thoradh ar mhéadú ar líon na ndaoine a ghlac lenár dtairge agus lenár bpunann seirbhíse.

Ós rud é go bhfuil scéim phinsin á hoibriú ag an bhForas thar ceann an Stáitchiste ag an bpointe seo caitear leis an ranníocaíocht phinsin bhliantúil mar 'ranníocaíocht chuig an Stáitchiste' sna Ráitis Airgeadais. Leanann leibhéal na ranníocaíochta pinsin ón bhfostóir mar a bhíodh roimhe seo (ag 34.6% de thuarastail) tar éis don gciste a bheith aistrithe chuig Cúlchiste Náisiúnta Pinsin. In 2019, ba é €1.37 milliún an ranníocaíocht seo, laghdú i gcomparáid le 2018. Léiríonn sé seo an laghdú ar ár líon foirne mar a luadh thuas.

Tá na costais mhaoinithe ar an áis iasachta fadtéarmaí a úsáideadh chun Uimh. 55, Bóthar Lansdún a cheannach (ceannaithe i lár 2006), bunaithe ar rátaí úis idirbhainc de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Lean siad siúd ar aghaidh ag bonn íseal le linn 2019. Dá thoradh sin gearradh ús bliana iomláine €12,989, ar laghdú é i gcomparáid le muirir na bliana €2018.

Maidir leis an mbainistíocht airgeadais ar an iomlán, bhí an Foras ag feidhmiú go maith i gcónaí. Bhí fás ar a phróifíl airgeadais ar feadh 2019 ar fad. Lena chois sin tá cúlchistí Clár Comhardaithe an Fhorais mar a bhí siad ag €14m.

IONCHAS AIRGEADAIS LE HAGHAIDH 2020

D'ainneoin an tionchair láidir a bhí ag an bpaindéim Covid-19 ar oibríochtaí gnó an Fhorais, táthar ag súil le feidhmíocht dhearfach airgeadais do 2020. Mar a d'admhaigh Bord an Fhorais, tá sé seo amhlaidh de bharr tiomantais, spreagadh agus solúbthacht bhainistíocht agus fhoireann an Fhorais chun soláthar seirbhísí Oiliúna agus Oideachais a mhúnlú ina samhail oibre atá ar líne agus ina chianobair ina iomláine, gan cur isteach ach ar éigean ar an tseirbhís. Lean an timthriall acadúil ar aghaidh gan bhriseadh. Chríochnaigh na ranganna go cianda reáchtáladh gach scrúdú ar líne. Chomh maith leis sin, d'fhorbair an tAonad Oiliúna agus Comhairleoireachta sraith tairiscintí ar líne, chun cur leis na seirbhísí atá ann cheana.

Tá deontas bloic an Fhorais ag €2.725m i gcónaí in 2020 (mar a bhí in 2019). Tacaíocht dhearfach is ea é seo ón mháthair-roinn. Bhí buiséad €12.99m ag an bhForas do láimhdeachas 2020 le barrachas buiséadaithe €16k.

COMHLÍONADH

Chomhlíon an Foras a chuid oibleagáidí maidir le hairgeadas, cánachas agus rialáil le linn 2019 agus lean sé air ag déanamh athbhreithnithe agus nuashonrú ar a chuid struchtúir rialachais chorpáráidigh de réir an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* 2016 agus ghlac sé le Lámhleabhar Rialachais an Fhorais Riaracháin ag an deireadh. Geallann an Foras Riaracháin ceannaireacht a thaispeáint i mbainistíocht earnála poiblí; chun na críche sin tá infheistíocht ar cuireadh tús léi in 2019 ag forbairt ina feidhm soláthair comhlíontach a oireann don gcuspóir ar fud an Fhorais. Soláthróidh sí seo luach ar airgead agus tacaíocht do tuilleadh éifeachtaí i ndáil le húsáid a bhaint as acmhainní an Fhorais Riaracháin.

II

BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHORAIS

II

BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHORAIS



AN DR MARIAN O'SULLIVAN

Ard-Stiúrthóir
mosullivan@ipa.ie



AN DR MICHAEL MULREANY

Ard-Stiúrthóir Cúnta,
Oideachas agus Taighde
mmulreany@ipa.ie



NOREEN FAHY

Stiúrthóir, Airgeadas
agus Seirbhísí Corparáide
nfahy@ipa.ie



TERESA CASSERLY

Stiúrthóir, Forbairt Ghnó,
Cheannaireacht agus Bainistíocht,
agus Seirbhísí Idirnáisiúnta
tcasserly@ipa.ie



AIDAN HORAN

Stiúrthóir, Rialachas, Airgeadas,
Bainistiú Acmhainní Daonna
agus Teicneolaíocht Faisnéise
ahoran@ipa.ie



AN DR RICHARD BOYLE

Ceann Taighde, Foilsitheoireacht
agus Caidrimh Chorporáide
rboyle@ipa.ie



KATHERINA MCCAUL

Stiúrthóir, Acmhainní Daonna,
agus Rúnaí Cuideachta
kmccaul@ipa.ie